AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 26.11.2024
COM(2024) 705 final

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH

## Seimeastar Eorpach 2025: an creat nua rialachais eacnamaíoch a chur ina bheatha

**Le pacáiste an lae inniu, seoltar an chéad timthriall cur chun feidhme den chreat nua rialachais eacnamaíoch**, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024[1] agus arb é an t-athchóiriú is uaillmhianaí agus is cuimsithí é ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais ó bhí an ghéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais ann. Is iad príomhchuspóirí an chreata nua inbhuanaitheacht fiachais na mBallstát a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn i ngach Ballstát trí athchóirithe agus infheistíochtaí tosaíochta lena gcuirtear feabhas ar an bhfás. Cuidíonn an creat leis an Aontas a dhéanamh níos iomaíche agus níos ullmhaithe do dhúshláin a bheidh ann amach anseo trí thacú leis an dul chun cinn i dtreo geilleagar glas, digiteach, cuimsitheach agus athléimneach. Is garsprioc thábhachtach iad na doiciméid a foilsíodh inniu i gcur chun feidhme an chreata nua seo. Tar éis don Chomhairle iad a fhormhuiniú, cuirfidh siad bonn comhleanúnach beartais faoi stiúradh beartais eacnamaíoch agus fhioscaigh na mBallstát sna blianta amach romhainn.

**Cuideoidh an creat nua rialachais eacnamaíoch le comhordú éifeachtach na mbeartas eacnamaíoch agus le faireachas buiséadach iltaobhach a áirithiú.** Áirithítear leis ardleibhéal comhleanúnachais beartais, agus inbhuanaitheacht fhioscach agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe ina chroílár. Áirithítear leis comhtháthú i bhfad níos dlúithe idir straitéis fhioscach na mBallstát agus na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí is gá chun tacú le fás inbhuanaithe cuimsitheach i gcomhréir le tosaíochtaí Eorpacha.

**Tá athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus ar dhúshláin atá ann cheana agus chun cabhrú le laghdú inchreidte fiachais a áirithiú.** Áirítear ar thosaíochtaí an Aontais an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a dhaingniú, athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a neartú, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, táirgiúlacht agus iomaíochas, chomh maith le hacmhainneacht slándála na hEorpa a neartú. Leis an gcreat nua, éascaítear agus spreagtar na Ballstáit chun na hathchóirithe agus an infheistíocht is gá a chur chun feidhme sna réimsí sin. Chuige sin, tá sé leagtha amach ag na Ballstáit conas a sholáthróidh siad athchóirithe agus infheistíocht a fhreagraíonn do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus do thosaíochtaí coiteanna an Aontais.[2] Go háirithe, is féidir leis na Ballstáit tairbhe a bhaint as conair choigeartaithe fhioscaigh níos céimsí nuair atá sraith gealltanas infheistíochta agus athchóirithe mar bhonn taca lena bpleananna ina gcuirtear le fás agus athléimneacht inbhuanaithe agus chuimsitheach, lena dtacaítear le hinbhuanaitheacht fhioscach agus lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais.

**Ba cheart cuspóirí fioscacha a dhifreáil agus a bheith comhsheasmhach le breithnithe inbhuanaitheachta fioscaí na mBallstát.** Ceadaítear le creat coiteann nua an Aontais idirdhealú a dhéanamh i measc na mBallstát bunaithe ar a gcásanna fioscacha aonair, i bhfianaise breithnithe tírshonracha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach. Le creat faireachais

[1] Is príomhghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad Rialachán 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (AE) maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach, mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme, agus Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát.

[2] Is iad seo a leanas na tosaíochtaí coiteanna a shainaithnítear sa Rialachán: i) aistriú cothrom glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide; ii) athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta; iii) slándáil fuinnimh; agus iv) i gcás inar gá, cumais chosanta a neartú.

rioscabhunaithe den sórt sin, beifear in ann fiachas poiblí a laghdú go hinchreidte agus de réir a chéile i gcás inar gá agus áiritheofar leis go laghdófar easnaimh bhuiséid nó go gcoinneofar easnaimh bhuiséid faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, ar bhealach trédhearcach, lena n-áiritheofar cóir chomhionann ar fud na mBallstát.

**Cothóidh an creat comhlíonadh trína threoirlíne mheántéarmach, solúbthacht níos mó do na Ballstáit a gcuspóirí beartais a dhearadh, agus forfheidhmiú níos fearr.** Tá na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha (dá ngairtear 'Pleananna Meántéarmacha', anseo feasta) a ndearna an Coimisiún measúnú orthu inniu, i gcroílár an chreata nua. Leagtar amach sna pleananna sin cuspóirí fioscacha na mBallstát chomh maith le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun dul i ngleic le tosaíochtaí coiteanna an Aontais chomh maith leis na moltaí tírshonracha. Dá bhrí sin, baintear léargais sa chreat ó chur chuige na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) atá bunaithe ar ghealltanais maidir le comhordú beartais, le húinéireacht láidir náisiúnta ar dhearadh agus ar thorthaí beartais, bunaithe ar cheanglais an chreata nua agus ar threoir tosaigh an Choimisiúin do na Ballstáit. Dála STA, cuireann an creat nua an idirghníomhaíocht dhearfach idir athchóirithe agus infheistíochtaí chun cinn. Leis an gcreat nua, beidh úinéireacht níos láidre in éineacht le forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí ar rialacha fioscacha an Aontais.

**Le méadú agus ionsú leanúnach eacnamaíoch deontas STA agus cistí eile de chuid an Aontais, soláthraítear timpeallacht thacúil chun feabhas a chur ar acmhainneacht an Aontais maidir le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, chun tacú le hinfheistíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na hinbhuanaitheachta fioscaí.** Tá athléimneacht léirithe ag geilleagar na hEorpa agus tá fás ag neartú arís, agus ní mór béim níos láidre a leagan ar inbhuanaitheacht fhioscach mar gheall ar fhorbairtí maidir le fiachas poiblí agus easnaimh phoiblí. Tar éis marbhántacht fhada leathan, thosaigh geilleagar an Aontais ag fás arís in 2024, le torthaí láidre ar mhargadh an tsaothair, de réir mar a tháinig laghdú breise ar bhrúnna boilscitheacha. Tá na dálaí i bhfeidhm chun dlús éadrom a chur leis an éileamh intíre, d'ainneoin na héiginnteachta méadaithe. Meastar go dtiocfaidh méadú 1,5 % ar an bhfás eacnamaíoch san Aontas in 2025, de réir mar a ardóidh an tomhaltas agus de réir mar a thiocfaidh an infheistíocht ar ais ón gcrapadh in 2024, le méadú breise 1,8 % in 2026. Meastar go gcuirfear dlús le hionsú chistí an Aontais (go háirithe NextGenerationEU (STA) agus an beartas comhtháthaithe) in 2025 agus 2026, rud a thacóidh a thuilleadh le hinfheistíocht na mBallstát. Thairis sin, tá sé leagtha amach ag na Ballstáit ina bPleananna Meántéarmacha go ndéanfaidh siad an infheistíocht a choinneáil ar bun nó a mhéadú thar thréimhse an phlean. Éascóidh an cúlra níos dearfaí sin na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin inbhuanaitheachta fioscaí sna Ballstáit a bhfuil easnaimh agus/nó fiachais arda acu, mar a leagtar amach sa chreat nua. Beidh staid fhioscach an limistéir euro le haghaidh 2025, ina bhfuil crapadh de bheagán tuartha, ag tarlú in éineacht le leathnú ar infheistíocht, rud a léiríonn go bhfuil an creat fioscach nua éifeachtach chun a áirithiú go ndéanfar an coigeartú de réir a chéile agus nach mbeidh an infheistíocht thíos leis.

**Ceithre roinn atá sa Teachtaireacht seo.** I Roinn I cuirtear i láthair an cuspóir atá le pacáiste fioscach comhtháite don inbhuanaitheacht fhioscach agus don fhás eacnamaíoch. Tugtar forléargas i Roinn II ar an measúnú ar phleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha na mBallstát. Mínítear i Roinn III na céimeanna faoin nós imeachta um easnamh iomarcach an

fómhar seo. Cumhdaítear leis na moltaí atá beartaithe faoi Airteagal 126(7) CFAE do Bhallstáit atá faoi nós imeachta um easnamh iomarcach agus tabhairt i gcrích na tuarascála is déanaí faoi Airteagal 126(3) maidir le 2 Bhallstát. I Roinn IV, tugtar forléargas agus measúnú ar Dhréachtphleananna Buiséadacha na bliana seo agus déantar measúnú ar staid fhioscach agus ar mheascán beartas an limistéir euro. Tugtar tuilleadh mionsonraí sna hiarscríbhinní maidir le gach ceann de na ranna thuas.

## I. PACÁISTE FIOSCACH COMHTHÁITE DON INBHUANAITHEACHT FHIOSCACH AGUS DON FHÁS EACNAMAÍOCH

**Cuimsítear sa phacáiste na measúnuithe ar na Pleananna Meántéarmacha agus ar na Dréachtphleananna Buiséadacha le haghaidh 2025, chomh maith le cur chun feidhme na nósanna imeachta um easnamh iomarcach.** Sna doiciméid a foilsíodh inniu, ina léirítear na próisis sin, tá (i) moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí ón gComhairle maidir le 21 Phlean Meántéarmach na mBallstát, (ii) moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) le haghaidh 8 mBallstát d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach agus (iii) tuarascáil ón gCoimisiún faoi Airteagal 126(3) CFAE le haghaidh 2 Bhallstát ina ndéantar measúnú ar urramú an chritéir easnaimh 3 % de OTI, agus (iv) Tuairimí ón gCoimisiún maidir le Dréachtphleananna Buiséadacha 17 mBallstát sa limistéar euro (féach Iarscríbhinn I).

**Cé go bhfuil na próisis sin éagsúil ó thaobh an dlí de, tá dlúthbhaint acu le chéile ó thaobh substainte de.** Leagtar amach sna Pleananna Meántéarmacha conair fhioscach an Bhallstáit (a shainítear i dtéarmaí rátaí fáis glanchaiteachais) chomh maith le hathchóirithe agus infheistíochtaí tosaíochta le haghaidh na 4 bliana amach romhainn mar riail[3]. I gcás Bhallstáit an limistéir euro, leagtar amach sna Dréachtphleananna Buiséadacha an dréachtbhuiséad bliantúil a mholann an rialtas náisiúnta, is é sin na bearta sonracha caiteachais agus ioncaim chun an chonair fhioscach a leagtar síos sa phlean meántéarmach le haghaidh na bliana dár gcionn a chur chun feidhme. Ar deireadh, is é an nós imeachta um easnamh iomarcach an bealach chun easnamh iomarcach an Bhallstáit a cheartú, i gcás inarb ann dó.

**I bhfianaise na n-idirnasc sin, rinne an Coimisiún uainiú na bpróiseas sin a ailíniú agus rinne sé measúnú comhtháite chun comhsheasmhacht a áirithiú ina fhaireachas fioscach**. Nuair a rinne an Coimisiún a thograí le haghaidh cinntí ón gComhairle maidir le heasnaimh iomarcacha a bheith ann faoi Airteagal 126(6) CFAE do 7 mBallstát san earrach, chuir sé a mholtaí le haghaidh moltaí ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE siar go heisceachtúil go dtí tar éis thíolacadh agus mheasúnú na bPleananna Meántéarmacha.[4] Ar an gcaoi sin, bhíothas in ann, faoi réir measúnú dearfach ar an bPlean Meántéarmach, conair ghlanchaiteachais an Phlean Mheántéarmaigh a léiriú leis an gconair cheartaitheach faoin nós imeachta um easnamh iomarcach. Thairis sin, rinneadh an measúnú ar na chéad Phleananna Meántéarmacha an tráth céanna le próiseas an Dréachtphlean Bhuiséadaigh ionas go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar an bplean sin in aghaidh na conaire fioscaí le haghaidh 2025 a áirítear

[3] Braitheann fad beacht an phlean ar fhad an reachtais náisiúnta. In aon chás, 4 bliana ar a mhéad ba cheart a bheith sa tréimhse choigeartaithe fhioscaigh (mura gcuirtear síneadh leis an tréimhse choigeartaithe).
[4] Leanadh an cur chuige céanna i gcás na Rómáine, agus mar gheall ar an gCinneadh ón gComhairle i mí Iúil, lena leagtar síos gan aon ghníomhaíocht éifeachtach, bhí gá le Moladh athbhreithnithe faoi Airteagal 126(7) CFAE.

sna Pleananna Meántéarmacha.[5] Dá bhrí sin, is féidir leis na Dréachtphleananna Buiséadacha na chéad chéimeanna i dtreo chur chun feidhme an Phlean Meántéarmaigh a chur i láthair, ina mbeidh bearta beartais nithiúla don chéad bhliain (2025). As seo amach, ní dhéanfar measúnú ar chomhlíonadh faoi gach ceann de na trí phróiseas ach amháin ar bhonn fáis glanchaiteachais, an táscaire oibriúcháin aonair faoin gcreat nua, rud a áiritheoidh comhsheasmhacht agus trédhearcacht.

## II. FORLÉARGAS AR NA PLEANANNA MEÁNTÉARMACHA

**Rinne an Coimisiún measúnú ar 21 Phlean Meántéarmach as 22 cheann a cuireadh isteach agus molann sé moltaí ón gComhairle ina leith.** Tar éis idirphlé teicniúil cuiditheach leis na Ballstáit, measann an Coimisiún go gcomhlíonann na Pleananna Meántéarmacha don Chróit, don Chipir, don tSeicia, don Danmhairg, don Eastóin, don Fhionlainn, don Fhrainc, don Ghréig, d'Éirinn, don Iodáil, don Laitvia, do Lucsamburg, do Mhálta, don Pholainn, don Phortaingéil, don Rómáin, don tSlóvaic, don tSlóivéin, don Spáinn agus don tSualainn ceanglais Rialachán 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta) agus go leagtar amach iontu conair fhioscach inchreidte chun inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántéarma. I gcás na hÍsiltíre, molann an Coimisiún an chonair ghlanchaiteachais a fhormhuiniú i gcomhréir leis an bhfaisnéis theicniúil a tharchuir sé i mí an Mheithimh, agus i gcás na mBallstát eile go léir, molann an Coimisiún an chonair fhioscach a leagtar amach sna Pleananna Meántéarmacha faoi seach a fhormhuiniú. Tíolacadh plean na hUngáire an 4 Samhain 2024 agus tá sé fós á mheasúnú laistigh den sprioc-am 6 seachtaine i gcomhréir leis an Rialachán. Cuireadh moill ar thíolacadh na bpleananna don Ostair, don Bheilg, don Bhulgáir, don Ghearmáin agus don Liotuáin, mar gheall ar olltoghcháin agus mar gheall ar bhunú rialtas nua.

**I gcás 5 cinn den 21 Phlean Meántéarmach a ndearna an Coimisiún measúnú orthu, cuirtear síneadh leis an tréimhse choigeartaithe fhioscaigh mholta ó 4 bliana go 7 mbliana (an Fhionlainn, an Fhrainc, an Iodáil, an Rómáin agus an Spáinn).** Cuirtear bonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe do na 5 Bhallstát sin le sraith gealltanas infheistíochta agus athchóirithe a rannchuidíonn le fás agus athléimneacht atá inbhuanaithe agus cuimsitheach, a thacaíonn le hinbhuanaitheacht fhioscach agus a thugann aghaidh ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh sa Seimeastar Eorpach, go háirithe sna moltaí tírshonracha, agus i dtosaíochtaí coiteanna an Aontais. I gcomhréir leis an Rialachán, chuir na Ballstáit bonn taca faoi shíneadh a dtréimhse coigeartaithe le bearta ábhartha a áirítear ina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, mar aon le bearta Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta ina raibh sonraíochtaí breise agus bearta breise. Mar shampla, chuir an Rómáin an t-athchóiriú pinsean agus an t-athchóiriú ar chórais pinsean speisialta a áirítear ina plean téarnaimh agus athléimneachta san áireamh ina plean. Áirítear i bplean na Fraince clár infheistíochta chun tacú le claochlú in earnálacha straitéiseacha, a chomhlánaíonn agus a chuireann leis na gealltanais a tugadh faoi Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Fraince. Rinne na Ballstáit roinnt beart nua freisin faoina bPleananna Meántéarmacha. Áirítear leo sin, mar shampla, athchóiriú

[5] Ceanglaíodh ar na Ballstáit a bPleananna Meántéarmacha a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair, cé gur chomhaontaigh an Coimisiún go mbeadh aighneachtaí go dtí an 15 Deireadh Fómhair inghlactha, chun ailíniú le tíolacadh na nDréachtphleananna Buiséadacha.

cuimsitheach ar an tslándáil shóisialta san Fhionlainn, bearta chun an córas cánach san Iodáil a shimpliú agus athchóiriú ar an gcóras víosaí oibre agus cuardaigh poist sa Spáinn.

**Tá sé leagtha amach ag na Ballstáit ina bPleananna Meántéarmacha go ndéanfaidh siad an infheistíocht a choinneáil ar bun nó a mhéadú thar thréimhse an phlean.** Mar léiriú ar fhócas an chreata nua ar infheistíochtaí agus ar athchóirithe chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a sholáthar sa mheántéarma agus san fhadtéarma, tá sé beartaithe ag formhór na mBallstát leibhéal na hinfheistíochta arna maoiniú go náisiúnta a mhéadú faoi 2028. Áirítear leis sin na Ballstáit a d’iarr síneadh a chur lena dtréimhse choigeartaithe fhioscaigh, a thug gealltanas a leibhéal réamhphleanála meántéarmach infheistíochta poiblí arna maoiniú go náisiúnta a choinneáil ar a laghad, mar a cheanglaítear leis an Rialachán.[6]

**Thuairiscigh na Ballstáit uile ina bpleananna na rúin bheartais atá acu maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin a sainaithníodh mar chuid den Seimeastar Eorpach agus ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais.** Míníonn na Ballstáit ina bpleananna conas a áiritheoidh siad go gcuirfear athchóirithe agus infheistíochtaí i gcrích a fhreagraíonn do na príomhdhúshláin a sainaithníodh mar chuid den Seimeastar Eorpach, agus go háirithe na moltaí tírshonracha. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a dtabharfaidh siad aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais, ina mbeidh aistriú cothrom glas agus digiteach, athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, slándáil fuinnimh agus neartú cumas cosanta, i gcás inar gá. Chuir na Ballstáit san áireamh ina bpleananna clár oibre leathan athchóirithe agus infheistíochtaí lena gcumhdaítear na réimsí beartais a bhaineann le tosaíochtaí coiteanna an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle orthu. Le feiceáil freisin i gcomhthéacs na bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, tá bearta chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú cothrom glas agus digiteach, mar shampla trí thacú le hathchóiriú foirgneamh atá tíosach ar fhuinneamh agus le hinfheistíocht i mbonneagar fuinnimh. Áirítear ar shamplaí de bhearta a rinneadh sna pleananna chun tacú le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch athchóirithe ar chosaint shóisialta nó ar chóras na bpinsean, bearta chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chúraim sláinte a fheabhsú nó chun tacú le scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil, chomh maith le bearta chun infhaighteacht cúraim leanaí a fheabhsú. Chuir roinnt Ballstát bearta san áireamh ina bpleananna freisin chun neamhspleáchas agus éifeachtúlacht a gcórais ceartais agus a gcreataí rialachais a neartú. Áirítear sna pleananna gealltanais athchóirithe chomh maith le hinfheistíochtaí a rannchuideoidh leis na riachtanais infheistíochta a bhaineann le tosaíochtaí coiteanna an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cumais chosanta a neartú. Tá anailís déanta ag an gCoimisiún ar a bhfuil ar intinn ag na Ballstáit maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí. Déanfar an measúnú ar chur chun feidhme an athchóirithe agus na n-infheistíochtaí san earrach — ag tosú cheana féin in 2025 — mar chuid de Phacáiste Earraigh an tSeimeastair Eorpaigh, tar éis do na Ballstáit na chéad Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn a thíolacadh.

**Déanfar measúnú ar chur chun feidhme na bPleananna Meántéarmacha ag na Ballstáit in earrach 2025 agus ansin sna babhtaí faireachais agus comhordaithe eacnamaíocha**

[6] Mar chuid de na forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, ceanglaítear ar na Ballstáit sin freisin a leibhéil infheistíochta arna maoiniú go náisiúnta a bhaintear amach ar an meán a choinneáil thar an tréimhse a chumhdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta (mír d).

**agus fioscacha ina dhiaidh sin san earrach agus san fhómhar.** Beidh an chéad mheasúnú, mar chuid de Phacáiste Earraigh an tSeimeastair, ag brath ar na Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn a bheidh le tíolacadh ag na Ballstáit in earrach 2025. Leis na tuarascálacha sin, beidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na conaire fioscaí, ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta a gheall na Ballstáit a chur i gcrích ina bPleananna Meántéarmacha, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí tírshonracha san earrach. Beidh ar na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach tuairisc a thabhairt freisin ar ghníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar an moladh faoi Airteagal 126(7) CFAE.

## III. NÓSANNA IMEACHTA UM EASNAMH IOMARCACH

**Áirítear i bPacáiste an Fhómhair ocht moladh don Chomhairle chun an chonair fhioscach a shocrú lena gceartófar an t-easnamh iomarcach do na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach.** Áirítear leis sin na seacht mBallstát ar osclaíodh nós imeachta um easnamh iomarcach ina leith i mí Iúil 2024 (an Bheilg, an Fhrainc, an Iodáil, an Ungáir, Málta, an Pholainn agus an tSlóvaic) chomh maith leis an Rómáin, atá i nós imeachta um easnamh iomarcach ó bhí 2020 ann. Nuair a mholann an Coimisiún don Chomhairle an chonair fhioscach atá sa Phlean Meántéarmach a fhormhuiniú, tá an chonair cheartaitheach sa mholadh maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach comhsheasmhach leis an gconair ghlanchaiteachais sa Phlean Meántéarmach. In éagmais moladh den sórt sin, maidir leis an mBeilg agus leis an Ungáir, tá an chonair cheartaitheach sa mholadh maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach bunaithe ar chonair thagartha 4 bliana an Choimisiúin, a thugtar cothrom le dáta bunaithe ar na sonraí is déanaí. Tá an Coimisiún réidh le moladh athbhreithnithe a mholadh tar éis measúnú dearfach a dhéanamh agus tar éis don Chomhairle Plean Meántéarmach na mBallstát sin a fhormhuiniú.

**I gcás dhá Bhallstát (an Ostair agus an Fhionlainn), rinne an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh an chritéir easnaimh chun a chinneadh an bhfuil cás ann chun nósanna imeachta um easnamh iomarcach a thionscnamh**. Ar bhonn thuarascáil Airteagal 126(3), breithneoidh an Coimisiún a mholadh go n-osclófar nós imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh don Ostair. Thuairiscigh an Ostair easnamh beartaithe os cionn an luacha tagartha 3 % de OTI in 2024 agus ní réamh-mheastar i réamhaisnéis an Choimisiúin laghdú faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI in 2025 ná 2026 ar thoimhde nach mbeidh aon athrú beartais ann.[7] Dá bhrí sin, breithneoidh an Coimisiún ar mholadh a thabhairt don Chomhairle chun a shuí go bhfuil easnamh iomarcach ann san Ostair. Chuir údaráis na hOstaire in iúl go bhfuil sé ar intinn acu an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun an t-easnamh a thabhairt faoi bhun 3 % in 2025. Tá an Coimisiún réidh chun measúnú a dhéanamh ar bhearta nua a luaithe a chomhaontóidh an rialtas go foirmiúil iad agus a luaithe a bheidh siad mionsonraithe go leormhaith. I gcás na Fionlainne, a thuairiscigh freisin easnamh beartaithe os cionn 3 % de OTI le haghaidh 2024, níl sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh go n-osclófaí nós imeachta um easnamh iomarcach, ós rud é nach meastar a thuilleadh go sáróidh an t-easnamh an luach tagartha ó 2025 ar aghaidh gan bearta breise beartais. Rinne an Coimisiún athbhreithniú freisin ar staid bhuiséadach na mBallstát sin ar bhain tuarascáil Airteagal 126(3) leo in earrach 2024

[7] I gcás na hOstaire, ní dhéantar réamhaisnéis ar bhuiséad le haghaidh 2025 ós rud é gur cuireadh moill ar an mbuiséad sin le timthriall toghcháin na hOstaire.

ach nár mhol an Coimisiún go n-osclófaí nósanna imeachta um easnamh iomarcach ina leith (an tSeicia, an Eastóin, an Spáinn agus an tSlóivéin), agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh measúnú an earraigh fós bailí.

## IV. FORLÉARGAS AR NA DRÉACHTPHLEANANNA BUISÉADACHA AGUS STAID FHIOSCACH AN LIMISTÉIR EURO

**Rinne an Coimisiún measúnú ar na beartais bhuiséadacha le haghaidh 2025 le haghaidh Bhallstáit an limistéir euro agus scrúdaigh sé an céad chéimeanna iomchuí iad chun a bpleananna meántéarmacha a chur chun feidhme**. D'fhoilsigh an Coimisiún Tuairimí ar leithligh ina ndéantar measúnú ar 17 nDréachtphlean Bhuiséadacha. Tá an measúnú ar na Dréachtphleananna Buiséadacha dírithe ar fhás glanchaiteachais in 2024-25, agus réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún á cur san áireamh. Agus moltaí fioscacha tírshonracha 2024 cáilíochtúla á n-oibríochtú, déantar measúnú sna Tuairimí an bhfuil an glanchaiteachas laistigh de na huasteorainneacha a leagtar amach i bPleananna Meántéarmacha na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil plean den sórt sin ar fáil agus go moltar é a fhormhuiniú ag an gComhairle. Seachas sin, tagraíonn an measúnú don chonair thagartha (don Ghearmáin) nó d'fhaisnéis theicniúil (don Ísiltír) a soláthraíodh do na Ballstáit an 21 Meitheamh 2024, nó go díreach don mholadh tírshonrach (don Liotuáin).

**Ar an iomlán, meastar go bhfuil ocht mBallstát sa limistéar euro i gcomhréir leis na moltaí fioscacha.** Meastar go bhfuil na Dréachtphleananna Buiséadacha don Chróit, don Chipir, don Fhrainc, don Ghréig, don Iodáil, don Laitvia, don tSlóvaic agus don tSlóivéin **i gcomhréir** leis na moltaí. Meastar nach bhfuil na Dréachtphleananna Buiséadacha don Eastóin, don Ghearmáin, don Fhionlainn, do Lucsamburg, do Mhálta agus don Phortaingéil **go hiomlán i gcomhréir** leis an moladh. I gcás na hEastóine, na Gearmáine, na Fionlainne agus na hÉireann[8], meastar go mbeidh an fás glanchaiteachais bliantúil agus/nó carnach sna tíortha sin os cionn na huasteorann faoi seach; i gcás Lucsamburg, Mhálta agus na Portaingéile, níl sé beartaithe deireadh a chur leis na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh de réir a chéile faoi gheimhreadh 2024-2025, agus meastar go mbeidh a bhfás glanchaiteachais laistigh den uasteorainn. I gcás na hÍsiltíre, meastar nach bhfuil an plean **i gcomhréir** leis an moladh, agus i gcás na Liotuáine, meastar go bhfuil **riosca ann nach bhfuil an plean i gcomhréir** leis an moladh. I gcás na mBallstát sin, is gá a bheith faireach agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh a gcur chun feidhme buiséadach i gcomhréir lena moltaí tírshonracha agus leis an gcreat nua. Maidir le Ballstáit an limistéir euro nár thíolaic Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025 (an Ostair, an Bheilg, an Spáinn), ní féidir leis an gCoimisiún a mheas ag an gcéim seo an bhfuil beartais fhioscacha na mBallstát sin in 2025 i gcomhréir leis na moltaí.

**Léirítear i measúnú an Choimisiúin ar na Dréachtphleananna Buiséadacha staid fhioscach ina bhfuil crapadh de bheagán in 2025, staid atá iomchuí, mar aon le fás leanúnach ar infheistíocht phoiblí.** Dá bhrí sin, baintear amach leis an gcreat nua an bonn nach féidir leis an gcomhdhlúthú fioscach a bheith chun dochair don infheistíocht. Laghdú ar

---

[8] Cé go meastar go mbeidh fás glanchaiteachais na hÉireann os cionn na huasteorann freisin, ní bhfuair sí moladh tírshonrach fioscach agus níl measúnú foriomlán deiridh ar a Dréachtphlean Buiséadach sa Tuairim ón gCoimisiún.

ghlanchaiteachas reatha, arna fhritháireamh i bpáirt trí infheistíocht a mhéadú, is cúis leis an gcrapadh sa staid fhioscach in 2025. Tagann sé sin i ndiaidh staid chrapthach in 2024 tar éis tréimhse fhada fhorleathnaithe, lenar bhain leibhéal ard fiachais phoiblí nó leibhéal fiachais phoiblí a bhí ag méadú freisin. Thacódh an staid réamh-mheasta in 2025 freisin le hiarracht an bheartais airgeadaíochta chun a áirithiú go bhfillfidh an boilsciú ar an sprioc.

**An tráth céanna, meastar go mbeidh an staid fhioscach ilchineálach ar fud na mBallstát in 2025, rud a léiríonn cur chuige rioscabhunaithe an chreata athbhreithnithe**. I gcomhréir le cur chuige an chreata nua, tá iarracht fhioscach níos mó beartaithe ag na Ballstáit a bhfuil dúshláin fhioscacha níos mó acu.

**Meastar go dtiocfaidh méadú ar an infheistíocht phoiblí arís in 2025 i mbeagnach gach Ballstát.** Ar an iomlán, meastar go sroichfidh infheistíocht phoiblí an limistéir euro 3,5 % de OTI féideartha, i gcomparáid le 3 % de OTI féideartha in 2019. Is léiriú é sin ar iarrachtaí leanúnacha na mBallstát infheistíocht a chosaint agus a fheabhsú i bhfianaise géarchéimeanna iomadúla ó 2019 i leith, ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarchéim airgeadais, nuair a rinneadh ciorruithe ar infheistíocht. Ní hionann na ranníocaíochtaí ó bhuiséid náisiúnta ar fud na mBallstát, agus tá tionchar mór ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ag cistí an Aontais (lena n-áirítear cistí an bheartais comhtháthaithe) ar roinnt Ballstát.

## IARSCRÍBHINN I: TÁBLA FORLÉARGAIS DE PHACÁISTE FIOSCACH AN FHÓMHAIR

| **Tír** | **Tíolacadh an Dréachtphlean Bhuiséadaigh agus Tuairim** | **Plean meántéarmach** | | | **Nós imeachta um easnamh iomarcach** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | *Tíolacadh* | *Síneadh leis an tréimhse choigeartaithe* | *Moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle lena bhformhuintíte ar an plean* | *Moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7)* | *Tuarascáil faoi Airteagal 126(3)* |
| BE | | | | | X | |
| BG | n.b. | | | | | |
| CZ | n.b. | X | | X | | |
| DK | n.b. | X | | X | | |
| DE | X | | | | | |
| EE | X | X | | X | | |
| IE | X | X | | X | | |
| EL | X | X | | X | | |
| ES | | X | X | X | | |
| FR | X | X | X | X | X | |
| HR | X | X | | X | | |
| IT | X | X | X | X | X | |
| CY | X | X | | X | | |
| LV | X | X | | X | | |
| LT | X | | | | | |
| LU | X | X | | X | | |
| HU | n.b. | X | | | X | |
| MT | X | X | | X | X | |
| NL | X | X | | X | | |
| AT | | | | | | X |
| PL | n.b. | X | | X | X | |
| PT | X | X | | X | | |
| RO | n.b. | X | X | X | X | |
| SI | X | X | | X | | |
| SK | X | X | | X | X | |
| FI | X | X | X | X | | X |
| SE | n.b. | X | | X | | |

Tabhair faoi deara:  Ní cheanglaítear ach ar Bhallstáit an limistéir euro Dréachtphlean Buiséadach a thíolacadh.

## IARSCRÍBHINN II: NA PLEANANNA STUCHTÚRACHA FIOSCACHA MEÁNTÉARMACHA

### *(i) An creat agus an próiseas nua*

**Cuireadh tús le cur chun feidhme an chreata nua rialachais eacnamaíoch in earrach 2024 agus pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha na mBallstát mar bhunchloch dó.** Bunaíodh an próiseas le haghaidh na bpleananna meántéarmacha i Rialachán 2024/1263).[9] Ba cheart a áirithiú leis na pleananna freisin comhsheasmhacht leis an gcuid cheartaitheach (Rialachán 1467/97) do Bhallstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach. Ba é a bhí sa chéad chéim in ullmhú na bpleananna malartuithe teicniúla idir na Ballstáit agus an Coimisiún arna n-iarraidh sin, agus ina dhiaidh sin idirphlé teicniúil leis na Ballstáit uile chun a áirithiú go mbeadh a bpleananna i gcomhréir leis an Rialachán.

**Seoladh conairí tagartha chuig Ballstáit a bhfuil easnamh rialtais réamh-mheasta os cionn 3 % de OTI nó cóimheas idir fiachas agus OTI os cionn 60 % acu in 2024.** Bhí siad sin ina gcuid den réamhthreoir a tharchuir an Coimisiún chuig na Ballstáit an 21 Meitheamh 2024 roimh an idirphlé teicniúil, lenar áiríodh freisin ceanglais faisnéise le haghaidh na bpleananna agus na dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. Leagtar amach sa chonair thagartha uasráta fáis tírshonrach maidir le glanchaiteachas i gcomhréir le ceanglais an chreata nua. Ba cheart a áirithiú leis, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, go mbeidh fiachas rialtais ghinearálta ar chonair anuas inchreidte nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI, i gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán. Fuair 9 mBallstát conair thagartha (féach Tábla 2) agus seoladh faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit eile dá n-iarrfaidís í. Léirítear san fhaisnéis theicniúil an t-íosleibhéal den chomhardú príomha struchtúrach a mbeadh gá leis faoi dheireadh phlean an Bhallstáit chun a áirithiú go leanfaidh a leibhéil fiachais agus easnaimh de na rialacha fioscacha a urramú sa mheántéarma.[10]

**Laistigh de 7 mí ó theacht i bhfeidhm an chreata nua, ghlac an Coimisiún 21 mholadh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir leis na Pleananna Meántéarmacha.** Tá an measúnú mionsonraithe ar an bPlean Meántéarmach sna moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle freisin. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, molann an Coimisiún go nglacfaidh an Chomhairle moladh lena bhformhuineofar an ceanglas fioscach de 20 ceann de na pleananna sin toisc go gcomhlíonann siad ceanglais an chreata fhioscaigh nua. Ar an iomlán, léiríonn sé sin a úsáidí atá an próiseas idirphlé theicniúil. Áirithítear leis an gcur chun feidhme tapa sin gur féidir faireachas fioscach ardcháilíochta a dhéanamh le haghaidh 2025.

**Tá a bPleananna Meántéarmacha á dtíolacadh ag na Ballstáit faoi na sprioc-amanna a comhaontaíodh.** Tíolacadh na Pleananna Meántéarmacha de réir a chéile, agus tíolacadh 2 phlean (an Danmhairg agus Málta) faoi sprioc-am an 20 Meán Fómhair 2024. Chomhaontaigh formhór na mBallstát leis an gCoimisiún moill a chur ar an tíolacadh go dtí thart ar an 15 Deireadh Fómhair 2024, nuair a tíolacadh iad in éineacht leis na Dréachtphleananna

[9] Faoi fhorálacha idirthréimhseacha an Rialacháin, tá amlíne don chéad tacar de phleananna éagsúil le hamlíne an stáit shocair, nuair ba cheart do na Ballstáit pleananna a thíolacadh faoin 30 Aibreán den bhliain sula dtiocfaidh deireadh leis an bplean reatha.

[10] As measc na mBallstát atá incháilithe d'fhaisnéis theicniúil, bheadh ar 6 cinn acu fós a staid fhioscach a choigeartú chun a áirithiú go bhfanfaidh a n-easnamh agus a bhfiachas faoi bhun luachanna tagartha an Chonartha sa mheántéarma.

Buiséadacha le haghaidh Bhallstáit an limistéir euro. Áirithíodh leis an moill sin go raibh a ndóthain ama ag na Ballstáit nósanna imeachta intíre a urramú, nósanna imeachta a raibh gá leo chun dul in oiriúint do phróiseas nua, agus go raibh comhsheasmhacht leis na Dréachtphleananna Buiséadacha.

**Thug na Ballstáit tuairisc ar na comhairliúcháin a rinneadh ina bPleananna Meántéarmacha.** Moladh go láidir do na Ballstáit dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, leis na húdaráis réigiúnacha, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha eile maidir lena bPleananna Meántéarmacha. Thairis sin, tá rannpháirtíocht na bparlaimintí náisiúnta le linn ullmhú na bpleananna tábhachtach chun cur le hinchreidteacht na ngealltanas beartais sna pleananna. Mar sin féin, i bhfianaise na srianta ama a bhaineann le próiseas na bliana seo agus an ghá atá le bearna san fhaireachas fioscach a sheachaint, ní raibh sé sin ina cheanglas le haghaidh an chéad bhabhta pleananna, ach beidh sé ina cheanglas le haghaidh gach plean amach anseo. Bhí an comhairliúchán le páirtithe leasmhara náisiúnta éagsúil agus míchothrom ar fud na mBallstát. Chuaigh go leor Ballstát i gcomhairle leis na parlaimintí náisiúnta agus leis na comhpháirtithe sóisialta. Bhí ról ag institiúidí fioscacha neamhspleácha náisiúnta i bpróiseas ullmhúcháin na bpleananna in dhá thrian de na Ballstáit, bíodh is nach é an ról céanna é ó Bhallstát go chéile. Bheadh idirphlé leanúnach le páirtithe leasmhara náisiúnta agus rannpháirtíocht na bparlaimintí náisiúnta tábhachtach le linn chur chun feidhme na bpleananna chun a n-éifeachtacht a mhéadú.

**Cuirfear 5 Phlean Mheántéarmacha isteach níos déanaí agus dá bhrí sin níl a measúnú san áireamh i bPacáiste an Fhómhair seo.** Cuireadh moill ar thíolacadh na bpleananna don Ostair, don Bheilg, don Bhulgáir, don Ghearmáin agus don Liotuáin, mar gheall ar olltoghcháin agus mar gheall ar bhunú rialtas nua. Ba cheart do na rialtais nua a bpleananna a thíolacadh a luaithe is féidir tar éis dóibh dul i mbun oifige, agus foilseoidh an Coimisiún a mheasúnú ina dhiaidh sin.

**Rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma leis na conairí fáis glanchaiteachais arna leagan amach ag na Ballstáit, a bheidh mar an t-aon táscaire amháin freisin ar dá réir a dhéanfar measúnú ar chomhlíontacht amach anseo.** Scrúdaigh an Coimisiún le haghaidh gach plean an gcomhlíonann an chonair ghlanchaiteachais atá beartaithe ann ceanglais an Rialacháin, i.e., an gcuireann sé fiachas rialtais ghinearálta ar chonair anuas inchreidte go héifeachtach faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe nó an gcoinníonn sé ar leibhéil stuama é faoi bhun 60 % de OTI, agus an dtugann sé an t-easnamh rialtais faoi bhun 3 % de OTI sa mheántéarma agus an gcoinníonn sé ar bun é. Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon na conairí glanchaiteachais an choimirce inbhuanaitheachta fiachais agus an choimirce athléimneachta easnaimh a leagtar amach sa Rialachán i gcás inarb ábhartha, agus maidir leis na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, comhlíonadh an tagarmhairc easnaimh, chomh maith leis an ngá atá ann gan an coigeartú a shiarchoinneáil. Déanfar measúnú ar chomhlíonadh thar thréimhse na bPleananna Meántéarmacha ar bhonn na conaire fáis glanchaiteachais amháin, rud a áiritheoidh

trédhearcacht agus a éascóidh cobhsú maicreacnamaíoch freisin.[11] I gcás na mBallstát a d'iarr síneadh a chur leis an tréimhse choigeartaithe trí ghealltanas a thabhairt maidir le sraith athchóirithe agus infheistíochta, rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na critéir maidir le síneadh den sórt sin. I gcás na mBallstát uile, rinne an Coimisiún anailís ar rúin na mBallstát maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a fhreagraíonn do na príomhdhúshláin a sainaithníodh mar chuid den Seimeastar Eorpach agus de thosaíochtaí coiteanna an Aontais.

### *(ii) Gealltanais an Phlean Mheántéarmaigh agus measúnú ón gCoimisiún*

**As na 21 Phlean Meántéarmach a ndearna an Coimisiún measúnú orthu, tagann sé ar an gconclúid go leagtar amach conair fhioscach inchreidte in 20 plean.** Fuarthas go raibh na Ballstáit uile i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin maidir leis an gconair ghlanchaiteachais, cé is moite den Ísiltír, a meastar go mbeidh sárú ar luachanna tagartha an Chonartha sa mheántéarma mar thoradh ar an bhfás glanchaiteachais atá beartaithe aici. I bhfianaise an ráitis ón Ísiltír ina plean go raibh a ceart chun plean athbhreithnithe a thíolacadh á tharscaoileadh aici, tá an Coimisiún ag moladh, dá bhrí sin, go molfadh an Chomhairle conair ghlanchaiteachais a bheadh comhsheasmhach leis an bhfaisnéis theicniúil a tharchuir an Coimisiún chuig an Ísiltír. I gcás na mBallstát eile, tá an Coimisiún ag moladh go molfadh an Chomhairle na conairí glanchaiteachais a chuireann na Ballstáit san áireamh ina bpleananna. Léirítear i dTábla 2 an fás glanchaiteachais atá beartaithe ag na Ballstáit thar thréimhsí an Phlean Mheántéarmaigh.

**Rinne an Coimisiún measúnú ar an gconair fáis glanchaiteachais sna pleananna i gcomparáid leis na ceanglais a leagtar síos leis an Rialachán.** Maidir leis na toimhdí bunúsacha, braitheann an measúnú ar dhá phríomhghné. Ar an gcéad dul síos, i gcás inar bhain na Ballstáit úsáid as toimhdí maicreacnamaíocha agus fioscacha ina bplean atá éagsúil leis an treoraíocht roimhe seo, rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu a mhínítear nó nach mínítear an difríocht agus an bhfuil údar cuí léi ar bhealach trédhearcach agus bunaithe ar argóintí eacnamaíocha fónta agus sonraíbhunaithe. Ar an dara dul síos, rinne an Coimisiún measúnú féachaint an ndéanann na difríochtaí sin idir toimhdí, arna meas ina n-aonar agus i gcomhpháirt, difear don mheánfhás glanchaiteachais a gheallann an Ballstát le linn na tréimhse coigeartaithe. Ar an iomlán, shuigh an Coimisiún, nuair atá an chonair ghlanchaiteachais sa phlean níos airde ná an treoraíocht roimhe sin, go bhfuil difríochtaí idir toimhdí a bhfuil údar cuí leo mar thaca leis sin.

**I gcás 5 Bhallstát, cuirtear síneadh 7 mbliana leis an tréimhse choigeartaithe fhioscaigh a mholtar bunaithe ar a ngealltanas maidir le sraith ábhartha infheistíochta agus athchóirithe.** I ngach ceann de na 5 chás (an Fhionlainn, an Fhrainc, an Iodáil, an Rómáin agus an Spáinn), measadh go gcomhlíonann an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí coinníollacha an Rialacháin maidir le síneadh. Fuarthas amach go gcuireann athchóirithe agus gealltanais infheistíochta feabhas ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta ar bhealach inbhuanaithe agus go dtacaíonn siad leis an inbhuanaitheacht fhioscach. Tugtar aghaidh leo ar thosaíochtaí

[11] Maidir leis an táscaire glanchaiteachais, ní dhéanann oibriú cobhsaitheoirí uathoibríocha agus luaineachtaí caiteachais eile nach bhfuil faoi rialú díreach an rialtais difear dó, agus dá bhrí sin, cuirtear saoirse ar fáil le haghaidh cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch fhrith-thimthriallach.

coiteanna an Aontais agus ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus áirithítear leo go ndéanfar leibhéal na hinfheistíochta poiblí a mhaoinítear go náisiúnta a choinneáil ar bun ar a laghad le linn thréimhse an phlean. Tá siad comhsheasmhach freisin agus, nuair is féidir, comhlánaíonn siad na gealltanais a áirítear sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta agus sa Chomhaontú Comhpháirtíochta a comhaontaíodh faoi CAI. Tá gach ceann de na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta mionsonraithe go leordhóthanach, tús-ualaithe, faoi cheangal ama agus infhíoraithe. Chuir gach ceann de na 5 Bhallstát bearta Plean Téarnaimh agus Athléimneachta san áireamh atá mar bhonn taca faoin síneadh arb é is aidhm dóibh inbhuanaitheacht fhioscach a fheabhsú agus acmhainneacht fáis a ngeilleagar a fheabhsú. In a lán cásanna, tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit leanúint leis an iarracht athchóirithe do na bearta sin nó í a mhéadú le linn thréimhse an phlean. Áirítear ar shamplaí de bhearta atá mar chuid de na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta nó a chuireann le bearta Plean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana athchóirithe ar an gcóras caiteachais phoiblí, ar chóras na bpinsean, ar an gcóras cánach, ar an gceartas sibhialta, ar an timpeallacht ghnó agus ar mhargadh an tsaothair chomh maith le hinfheistíochtaí a bhaineann leis an ngairmoiliúint, leis an gcúram sláinte, le T&F agus leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas. Áirítear ar na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a rinneadh sa bhreis orthu siúd a áirítear sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta athchóirithe leasa shóisialta agus cúraim sláinte, athchóiriú pinsean agus cánach agus bearta maidir le rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí, mar shampla.


**Tábla 2: Forléargas ar an meánfhás glanchaiteachais i bPleananna Meántéarmacha**

| | **Plean Meántéarmach** | | **Réamhthreoir ón gCoimisiún** |
|---|---|---|---|
| | *Meánfhás glanchaiteachais thar thréimhse an phlean* | *Bliain deiridh na tréimhse coigeartaithe* | *Meán thar thréimhse an phlean* |
| CZ | 3,1 | 2028 | 3,5 |
| DK | 4,4 | 2028 | 5,8 |
| EE | 4,7 | 2028 | 3,1 |
| IE | 5,3 | 2028 | n.b. |
| EL | 3,3 | 2028 | 3,1 |
| ES | 3,0 | 2031 | 2,8 |
| FR | 1,1 | 2031 | 1,6 |
| IT | 1,5 | 2031 | 1,5 |
| HR | 4,8 | 2028 | 4,0 |
| CY | 5,2 | 2028 | 4,9 |
| LV | 4,1 | 2028 | 3,7 |
| LU | 4,9 | 2028 | n.b. |
| MT | 5,9 | 2028 | 5,9 |
| NL | 4,2 | 2028 | 3,2 |
| PL | 4,5 | 2028 | 4,5 |
| PT | 3,6 | 2028 | 3,6 |
| RO | 4,4 | 2031 | 5,2 |
| SI | 4,5 | 2028 | 4,4 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| SK | 2,0 | 2028 | 2,0 |
| FI | 2,4 | 2031 | 1,5 |
| SE | 4,4 | 2028 | 4,5 |

Tabhair faoi deara: I gcás tíortha nach bhfuair conair thagartha mar gheall ar easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI agus fiachas rialtais ghinearálta faoi bhun 60 % de OTI a bheith acu, léirítear an fás glanchaiteachais intuigthe bunaithe ar a bhfaisnéis theicniúil. Úsáideann an meán 2025 mar thúsphointe.
Foinse: Pleananna meántéarmacha na mBallstát, conair thagartha/faisnéis theicniúil an Choimisiúin arna dtarchur an 21 Meitheamh 2024

Graf 1: **Infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta in 2023 vs meán 2025-28 (% de OTI)**




**Tabhair faoi deara:** Níor thuairiscigh NL an fhaisnéis sin. Ceanglaítear leis an Rialachán ar na Ballstáit a chuireann síneadh lena dtréimhse choigeartaithe chun leibhéal a n-infheistíochta arna maoiniú go náisiúnta a choinneáil ar a laghad i gcomparáid leis an leibhéal meántéarmach roimh thús an phlean.
**Foinsí:** Réamhaisnéisí an fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach

## IARSCRÍBHINN III: NÓSANNA IMEACHTA UM EASNAMH IOMARCACH

**Áirítear i bPacáiste an Fhómhair moltaí lena socraítear an chonair fhioscach lena gceartófar an t-easnamh iomarcach i gcás 8 mBallstát atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach.**[12] Tá an chonair cheartaitheach a áirítear sa mholadh maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach comhsheasmhach leis an gconair ghlanchaiteachais a mhol an Coimisiún mar chuid de phróiseas an Phlean Mheántéarmaigh má dhéantar measúnú dearfach ar an bplean, ar gné amháin de sin comhsheasmhacht leis an íoschoigeartú bliantúil 0,5 % de OTI i dtéarmaí struchtúracha.[13] I gcás na Beilge agus na hUngáire, is é an moladh atá ag an gCoimisiún an chonair thagartha a bheith mar chonair cheartaitheach, a thabharfar cothrom le dáta bunaithe ar shonraí is déanaí, toisc nár thíolaic an Bheilg a plean meántéarmach go fóill, agus tá measúnú fós á dhéanamh ar phlean na hUngáire. D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar na conairí sin tar éis measúnú dearfach a fháil ón gCoimisiún ar phleananna na mBallstát sin agus tar éis don Chomhairle iad a fhormhuiniú. Tá an Rómáin faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach ó bhí 2020 ann agus, tar éis an chinnidh ón gComhairle i mí Iúil maidir leis an easpa gníomhaíochta éifeachtaí faoi Airteagal 126(8), molann an Coimisiún moladh athbhreithnithe faoi Airteagal 126(7) lena ngabhann conair cheartaitheach atá bunaithe ar phlean meántéarmach na Rómáine freisin. Socraítear an sprioc-am chun an t-easnamh iomarcach a cheartú agus an dáta ceartúcháin a léirítear sa phlean (i gcás ina bhfuil sé ar fáil) á chur san áireamh, arna chros-seiceáil le réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach agus le creat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin.

**Rinne an Coimisiún measúnú féachaint an ann d'easnamh iomarcach san Ostair agus san Fhionlainn.** I gcomhthéacs fhógra an fhómhair maidir le nós imeachta um easnamh iomarcach, thuairiscigh an Ostair agus an Fhionlainn easnamh beartaithe le haghaidh 2024 os cionn an luacha tagartha 3 % de OTI. I gcás na hOstaire agus na Fionlainne araon, measadh nach raibh an t-easnamh iomarcach in 2024 gar don luach tagartha. Ar bhonn Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún, meastar go sáróidh easnamh rialtais na hOstaire 3 % de OTI thar thréimhse na réamhaisnéise, go dtí 2026, ar thoimhde nach mbeidh aon athrú beartais ann toisc nach mbreithnítear buiséad le haghaidh 2025 sa réamhaisnéis ón gCoimisiún ós rud é gur cuireadh moill air le timthriall toghcháin na hOstaire. Ní hamhlaidh atá i gcás na Fionlainne (i gcás nach dócha go sáróidh an t-easnamh rialtais an luach tagartha in 2025 agus 2026). Mar thoradh air sin, measadh nach easnamh sealadach é an t-easnamh iomarcach don Ostair agus gur easnamh sealadach é don Fhionlainn. Ina theannta sin, bhí tionchar ag dálaí maicreacnamaíocha neamhfhabhracha ar na heasnaimh a bhí beartaithe a sháraíonn an luach tagartha don Ostair agus don Fhionlainn araon, agus dá bhrí sin rinneadh measúnú orthu mar easnaimh eisceachtúla. I gcás an dá Bhallstát, tugtar le fios san anailís a rinneadh i dtuarascáil Airteagal 126(3) nach gcomhlíontar an critéar easnaimh, sula mbreithnítear na tosca ábhartha. Mar sin féin, ós rud é nach gcomhlíontar sa dá Bhallstát an coinníoll dúbailte is gá chun go

[12] I bhfianaise na bpleananna meántéarmacha faoin gcreat nua, lena n-áirítear tosaíochtaí athchóirithe na mBallstát, ní mholtar sna moltaí do Bhallstáit an limistéir euro faoi nós imeachta um easnamh iomarcach clár comhpháirtíochta eacnamaíche a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán 473/2013.

[13] I gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1264 agus i bhfianaise na timpeallachta rátaí úis a bhfuil athrú mór tagtha uirthi, féadfaidh an Coimisiún, le linn idirthréimhse in 2025, 2026 agus 2027, an tagarmharc sin a choigeartú chun an méadú ar íocaíochtaí úis a chur san áireamh agus an chonair cheartaitheach atá beartaithe á socrú aige a bhaineann leis na chéad phleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha.

gcuirfidh an Chomhairle agus an Coimisiún tosca ábhartha san áireamh sna céimeanna as a dtiocfaidh an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann, ní féidir tosca ábhartha a chur san áireamh. I bhfianaise a mheasúnaithe i dtuarascáil Airteagal 126(3), agus tar éis tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais mar a bhunaítear faoi Airteagal 126(4) CFAE a bhreithniú, breithneoidh an Coimisiún moladh a chur faoi bhráid na Comhairle chun a shuí go bhfuil easnamh iomarcach ann san Ostair. Sa mhalartú as ar tháinig an tuarascáil seo, mheabhraigh údaráis na hOstaire go bhfuil caibidlíocht ar siúl faoi láthair chun rialtas a bhunú. Chuir na húdaráis in iúl go bhfuil sé ar intinn acu an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun an t-easnamh a thabhairt faoi bhun 3 % in 2025 gan gá a bheith le nós imeachta um easnamh iomarcach a oscailt. Chuige sin, bheadh gá le pacáiste beart ceartaitheach, in am do chruinniú ECOFIN i mí Eanáir 2025. Tá an Coimisiún réidh chun measúnú a dhéanamh ar phacáiste den sórt sin a luaithe a chomhaontóidh an rialtas bearta gaolmhara go foirmiúil agus a luaithe a bheidh siad mionsonraithe go leormhaith. Os a choinne sin, de réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún, meastar nach sáróidh easnamh na Fionlainne an luach tagartha ó 2025 ar aghaidh, agus go ndéanfar sin gan gá le bearta breise. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún den tuairim nach mbeadh sé úsáideach, ag an gcéim seo, nós imeachta um easnamh iomarcach a thionscnamh don Fhionlainn.

**Rinne an Coimisiún athbhreithniú freisin ar staid bhuiséadach na mBallstát ar bhain tuarascáil Airteagal 126(3) CFAE leo in earrach 2024 ach nár mhol an Coimisiún go n-osclófaí nósanna imeachta um easnamh iomarcach ina leith.** Orthu sin tá an tSeicia, an Eastóin, an Spáinn agus an tSlóivéin. Agus fógra an fhómhair maidir le nós imeachta um easnamh iomarcach agus Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún á gcur san áireamh, ní fheictear aon athrú substainteach ar staid bhuiséadach na Seicia ná na Spáinne i gcomparáid leis an earrach, agus i gcás na hEastóine agus na Slóivéine tá feabhas tagtha ar an staid i ndáiríre. Ar an iomlán, meastar go bhfuil conclúidí thuarascáil Airteagal 126(3) san earrach — nár cheart an nós imeachta um easnamh iomarcach a oscailt do na tíortha sin — fós ábhartha do gach ceann de na 4 Bhallstát an fómhar seo. Tá measúnú níos mionsonraithe ar fáil in Iarscríbhinn V.

## IARSCRÍBHINN IV: FORLÉARGAS AR NA DRÉACHTPHLEANANNA BUISÉADACHA AGUS STAID FHIOSCACH AN LIMISTÉIR EURO

**Leagtar amach i nDréachtphleananna Buiséadacha Bhallstáit an limistéir euro le haghaidh 2025 cur chun feidhme buiséadach na chéad bhliana dá bpleananna meántéarmacha.** Cuireadh na Dréachtphleananna Buiséadacha faoi bhráid an Choimisiúin agus an Ghrúpa Euro i mí Dheireadh Fómhair 2024 sular chuir gach Ballstát sa limistéar euro seachas an Ostair, an Bheilg agus an Spáinn faoi bhráid na bparlaimintí náisiúnta iad[14]. I bhfianaise réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún, ghlac an Coimisiún Tuairimí maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na pleananna moltaí ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2024, rud a chiallaíonn sa chleachtas, an gcomhlíonann siad creat fioscach nua an Aontais. Mínítear cur chuige an Choimisiúin maidir leis an measúnú sin agus a thuairimí agus déantar achoimre orthu sa chéad chuid den Iarscríbhinn seo. Leis na Dréachtphleananna Buiséadacha, cuirtear ar a chumas don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar staid fhioscach an limistéir euro agus ar an staid bhuiséadach fhoriomlán agus ar na hionchais bhuiséadacha fhoriomlána, a dhéantar sa dara cuid den Iarscríbhinn seo.

### (i) *Measúnú achomair ar Dhréachtphleananna Buiséadacha na mBallstát*

**Seo a leanas achoimre ar mheasúnú an Choimisiúin ar Dhréachtphleananna Buiséadacha 2025 agus ar bheartais bhuiséadacha náisiúnta.**[15] Tá na Tuairimí bunaithe ar réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún, lena n-áirítear an fhaisnéis sna Dréachtphleananna Buiséadacha.


**Tá an measúnú ar na Dréachtphleananna Buiséadacha dírithe ar fhás glanchaiteachais.** Tá moltaí tírshonracha fioscacha 2024 cáilíochtúil. Is é an ghné lárnach atá acu moladh do na Ballstáit uile an méid seo a leanas a dhéanamh: ‘an fás ar ghlanchaiteachas in 2025 a theorannú do ráta atá comhsheasmhach leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur (nó a choinneáil) ar chonair inchreidte anuas sa mheántéarma agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a laghdú (nó a choinneáil) faoi bhun 3 % de OTI’. Chun é sin a dhéanamh níos oibríochtúla, is gá measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an glanchaiteachas laistigh de na huasteorainneacha a leagtar amach i bpleananna meántéarmacha na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil plean den sórt sin ar fáil agus go bhfuil na huasteorainneacha comhsheasmhach le ceanglais an chreata nua. Murach sin, bhunaigh an Coimisiún a mheasúnú ar an réamhthreoir a cuireadh ar fáil do na Ballstáit an 21 Meitheamh 2024. Ón mbliain seo chugainn ar aghaidh, beidh measúnuithe ar an Dréachtphlean Buiséadach á dtreorú ag an gconair ghlanchaiteachais ilbhliantúil do gach Ballstát a leagtar amach sa mholadh ón gComhairle lena bhformhuinítear an plean meántéarmach.

[14] Níor cheangail an Coimisiún ar na Ballstáit Dréachtphlean Buiséadach a thíolacadh faoi thoimhde nach mbeidh aon athrú beartais ann. Tíolacadh Dréachtphleananna Buiséadacha ‘gan athrú beartais’ den sórt sin i mbabhtaí roimhe seo, mar shampla, nuair nach raibh rialtas ag cur dréachtbhuiséid síos sa pharlaimint náisiúnta. Iarradh ar na Ballstáit i gcásanna den sórt sin — an Bheilg, an Ostair agus an Spáinn — an tíolacadh a chur siar an fómhar seo go dtí gur féidir Dréachtphlean Buiséadach lánfheidhme a ullmhú. I gcás ar bith, déanann an Coimisiún faireachán leanúnach ar an staid bhuiséadach sna Ballstáit uile, bunaithe ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil, lena n-áirítear malartuithe teicniúla idir na húdaráis náisiúnta agus seirbhísí an Choimisiúin.

[15] Gabhann Iarscríbhinn Staidrimh leis na Tuairimí, lena n-áirítear an fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar phleananna na mBallstát.

**Scrúdaítear sa mheasúnú ar fhás glanchaiteachais ráta fáis bliantúil 2025 agus ráta fáis carnach 2024-2025.** Mar chéad chéim, bhreathnaigh an Coimisiún ar ráta fáis bliantúil 2025 (le tairseach 0,3 % de OTI lena marcáiltear na difríochta idir 'níl sé go hiomlán i gcomhréir' agus 'níl sé i gcomhréir'). Mar dhara céim, an ráta fáis carnach thar 2024-2025 (le tairseach 0,6 % de OTI idir 'níl sé go hiomlán i gcomhréir' agus 'níl sé i gcomhréir'[16]). Braitheann an chonclúid sa tuairim maidir leis an Dréachtphlean Buiséadach ar an dá ráta fáis is lú fabhar (ráta fáis bliantúil nó carnach).

Graf 2: **Fás glanchaiteachais in 2024 agus 2025: Dréachtphlean Buiséadach vs Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún**




**Foinse:** Réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach
Tabhair faoi deara: Níl Dréachtphleananna Buiséadacha curtha isteach ag an Ostair, ag an mBeilg ná ag an Spáinn. Léirítear an fás glanchaiteachais ó Phlean Meántéarmach na Fraince toisc nár thuairiscigh sí fás glanchaiteachais ina Dhréachtphlean Buiséadach.

**Sa mheasúnú ar Dhréachtphleananna Buiséadacha Mhálta, na Portaingéile agus Lucsamburg, cuireadh san áireamh freisin an moladh ón gComhairle deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá fágtha.** Is iad Lucsamburg, Málta agus an Phortaingéil na Ballstáit sin amháin sa limistéar euro a fuair moladh tírshonrach chun deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála faoi gheimhreadh 2024/25. I gcás na dtrí cinn, is é conclúid an Choimisiúin nach gcuireann siad deireadh de réir a chéile leis na bearta sin. Mar thoradh air sin, déantar an chonclúid fhoriomlán sa tuairim maidir leis an Dréachtphlean Buiséadach a choigeartú ó 'i gcomhréir' (i.e., an measúnú bunaithe ar fhás glanchaiteachais) go 'níl sé go hiomlán i gcomhréir'.

**Ar an iomlán, meastar go bhfuil 8 nDréachtphlean Bhuiséadacha de chuid Bhallstáit an limistéir euro i gcomhréir leis na moltaí fioscacha, níl 7 gcinn acu go hiomlán i gcomhréir, níl ceann amháin i gcomhréir, agus tá baol ann nach mbeidh ceann amháin i gcomhréir**:

[16] Tá na tairseacha 0,3 %/0,6 % sin comhsheasmhach leis na tairseacha ón gcuntas rialaithe.

- Meastar go bhfuilan Chróit, an Chipir, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an tSlóvaic agus an tSlóivéin **i gcomhréir** leis na moltaí, toisc go meastar go mbeidh a nglanchaiteachas laistigh de na huasteorainneacha.
- Meastar **nach bhfuil an Eastóin, an Ghearmáin ná an Fhionlainn go hiomlán i gcomhréir** toisc go meastar go mbeidh a nglanchaiteachas bliantúil (an Fhionlainn) agus/nó carnach (an Eastóin, an Ghearmáin) os cionn na n-uasteorainneacha fáis glanchaiteachais faoi seach, ach go mbeidh sé fós laistigh de na tairseacha don chuntas rialaithe dá bhforáiltear sa Rialachán. Meastar freisin go mbeidh glanchaiteachas carnach na hÉireann os cionn na huasteorann faoi seach.
- Meastar **nach bhfuil Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil go hiomlán i gcomhréir** leis an moladh: ós rud é nach gcuireann siad deireadh de réir a chéile leis na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh faoi gheimhreadh 2024-2025, agus go réamh-mheastar go mbeidh a nglanchaiteachas laistigh de na huasteorainneacha fáis glanchaiteachais.
- Meastar **nach bhfuil an Ísiltír i gcomhréir** leis an moladh, toisc go réamh-mheastar go mbeidh an glanchaiteachas (i dtéarmaí bliantúla agus carnacha araon) os cionn na huasteorann.
- Meastar go bhfuil **baol ann nach bhfuil an Liotuáin i gcomhréir** leis an moladh, toisc go réamh-mheastar go sáróidh an glanchaiteachas (i dtéarmaí bliantúla agus carnacha araon) na rátaí a mheasfadh an Coimisiún a bheith ina chéad chéim iomchuí i gcur chun feidhme an rialachais eacnamaíoch nua. Níl a Plean Meántéarmach tíolactha ag an Liotuáin go fóill, áfach.

Maidir le Ballstáit an limistéir euro nár thíolaic Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025 (an Ostair, an Bheilg, an Spáinn), ní féidir leis an gCoimisiún a mheas ag an gcéim seo an bhfuil beartais fhioscacha na mBallstát sin in 2025 i gcomhréir leis na moltaí.

### (ii) *Forbairtí fioscacha foriomlána sa limistéar euro, lena n-áirítear an staid fhioscach chomhiomlán*


**Chuideodh beartais fhioscacha na mBallstát le heasnamh an limistéir euro a thabhairt faoi bhun 3 % de OTI in 2025.** Tháinig stad le luas an laghdaithe ar easnaimh phoiblí in 2023, in ainneoin deireadh a bheith curtha de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha COVID-19, mar gheall ar fhás eacnamaíoch lag agus easnaimh mhóra ioncaim. Mar sin féin, meastar go mbeidh laghdú tagtha arís ar easnamh comhiomlán an limistéir euro in 2024, ag baint amach 3,0 % de OTI i Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún, arna spreagadh ag fóirdheontais ar infheistíocht phríobháideach ag dul i léig (go háirithe le haghaidh athchóirithe tithíochta san Iodáil) agus forbairtí láidre ioncaim.[17] Tiocfaidh laghdú beag ar an easnamh ansin go 2,9 % de OTI in 2025, a bhuí leis na hiarrachtaí comhdhlúthaithe ó na Ballstáit chun inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántéarma, mar a leagtar amach sa chreat fioscach nua. Tá an réamhaisnéis sin i gcomhréir den chuid is mó leis na réamh-mheastacháin i nDréachtphleananna Buiséadacha na mBallstát.

[17] Cuirtear tuilleadh sonraí maidir le hionchas fioscach an Aontais i láthair i réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún: https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/european-economic-forecast-autumn-2024_ga

**Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú beag ar an gcóimheas idir fiachas poiblí agus OTI sa limistéar euro in 2025, ach tá sé fós go mór faoi bhun bhuaicphointe 2020.** Réamh-mheastar sna Dréachtphleananna Buiséadacha agus i réamhaisnéis an Choimisiúin araon go dtiocfaidh méadú beag ar an gcóimheas fiachais le OTI go 90 % in 2025, síos ó bheagnach 99 % de OTI in 2020. Tá an cóimheas fiachais phoiblí ag méadú mar gheall ar easnaimh phríomhúla arda leanúnacha agus caiteachas úis atá ag ardú, agus fágann boilsciú níos ísle go bhfuil fás ainmniúil OTI níos laige, rud a mhaolaíonn an méadú ar an ainmneoir.

**Meastar go mbeidh staid fhioscach an limistéir euro crapthach in 2024 tar éis tréimhse fhada fhorleathnaithe.[18]** Leanann an crapadh 1½ % de OTI, atá réamh-mheasta i réamhaisnéis an fhómhair ón gCoimisiún, ceithre bliana d'fhorleathnú mór a bhain le géarchéimeanna, arb ionann é agus thart ar 3½ % de OTI san iomlán.[19] Ba é ba phríomhchúis le staid fhioscach an limistéir euro in 2024 laghdú ar chaiteachas caipitiúil eile, a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais mhóra le haghaidh infheistíocht phríobháideach (go háirithe athchóirithe tithíochta san Iodáil) (Graf 3). Nuair a cuireadh deireadh de réir a chéile leis na bearta fuinnimh a bhí fágtha, rinneadh iad a fhritháireamh den chuid is mó le glanchaiteachas reatha nua, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar iarrachtaí comhdhlúthaithe fhioscaigh sna blianta amach romhainn.

Graf 3: **Staid fhioscach agus comhpháirteanna an limistéir euro, 2020-2025 (% de OTI)**





Tabhair faoi deara: tá an staid fhioscach le haghaidh 2020-2023 carnach.
**Foinse:** Réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach

**Réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach an limistéir euro crapthach de bheagán in 2025, agus go ndéanfar an laghdú ar ghlanchaiteachas reatha a fhritháireamh i bpáirt trí infheistíocht a mhéadú.** De réir réamhaisnéis an fhómhair, meastar go mbeidh an staid

[18] Maidir le rannchuidiú an ghlanchaiteachais iomláin arna mhaoiniú go náisiúnta leis an staid fhioscach, réamh-mheastar go mbeidh sé crapthach (gar do ½ % de OTI) in 2024 agus 2025 araon.
[19] Leis an staid fhioscach, tomhaistear an spreagadh gearrthéarmach a thugann beartas fioscach lánroghnach don gheilleagar. Tá sé bunaithe ar an méadú ar ghlanchaiteachas i gcoibhneas le fás aschuir ainmniúil féideartha 10 mbliana. Áirítear sa chomhiomlán glanchaiteachais a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an staid fhioscach caiteachas arna mhaoiniú ag deontais STA agus ag cistí eile de chuid an Aontais.

fhioscach crapthach beagán ar bheagán os cionn ¼ % de OTI, arna spreagadh ag laghdú ar ghlanchaiteachas reatha, chomh maith le crapadh beag breise ar fhóirdheontais rialtais le haghaidh infheistíocht phríobháideach. Déantar an éifeacht chrapthach sin a fhritháireamh go páirteach le méadú beag ar infheistíocht, arna mhaoiniú le buiséid náisiúnta agus le deontais STA agus le cistí eile de chuid an Aontais araon (Graf 4). Tugtar le fios leis sin go raibh an creat fioscach nua éifeachtach, ón tús, chun a áirithiú nach dtiocfaidh laghdú ar na hinfheistíochtaí is gá san aistriú glas agus san aistriú digiteach, sa táirgiúlacht ná san iomaíochas mar thoradh ar an gcomhdhlúthú.

Graf 4: **Infheistíocht phoiblí sa limistéar euro 2019-2025 (% den OTI féideartha)**




**Foinsí:** Réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach

(1) Áirítear leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta cómhaoiniú náisiúnta chistí an Aontais.
**Foinsí:** Réamhaisnéisí an fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach

**Tá sé iomchuí go mbeadh an staid fhioscach in 2025 beagán crapthach.** Ar an gcéad dul síos, tá an crapadh ar chaiteachas reatha comhsheasmhach leis an ngá atá le feabhas a chur de réir a chéile ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí i roinnt Ballstát, tar éis na tréimhse 2020-2023 nuair a cuireadh gnáthoibriú rialacha fioscacha an Aontais ar fionraí tríd an gclásal éalaithe ginearálta a ghníomhachtú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 agus ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar an ngéarchéim fuinnimh ghaolmhar. Ar an dara dul síos, leanfaidh brúnna fiachais de bheith ag méadú mar gheall, *inter alia*, ar chostais aosaithe, ar an aistriú glas agus digiteach agus ar an gcosaint, chomh maith leis an difreálach fáis úis nach bhfuil chomh fabhrach céanna, rud a chruthaíonn gá le spás fioscach breise amach anseo. Ar an tríú dul síos, tá an forleathnú beag ar infheistíocht in 2025, ag leanúint den treocht ó bhí an phaindéim ann, comhsheasmhach leis an ngá atá le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a áirithiú sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus le fócas an chreata nua ar athchóirithe agus infheistíocht a dhreasú. Sheachnófaí aon mhórthionchar diúltach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch chomhiomlán sa limistéar euro sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma freisin le staid fhioscach atá beagán crapthach ar an iomlán anuas ar fhás leanúnach ar infheistíocht.

**Thacódh an staid fhioscach atá beagán crapthach a réamh-mheastar sa limistéar euro do 2025 le hiarracht an bheartais airgeadaíochta a áirithiú go bhfillfidh an boilsciú ar an sprioc.** I mí an Mheithimh 2024, a bhuí le boilsciú laghdaithe, thosaigh BCE ag ísliú a ráta

saoráide taisce — an ráta trína stiúrann an Chomhairle Rialaithe seasamh an bheartais airgeadaíochta — go 3,75 %, tar éis naoi mí de bheith seasta ag 4 %. Ó shin i leith, tá BCE tar éis an ráta saoráide taisce a laghdú tuilleadh, faoi 25 bhonnphointe faoi dhó, go dtí an ráta 3,25 % atá ann faoi láthair. Dúirt BCE go mbeidh rátaí beartais sriantach go leor chomh fada agus is gá chun a áirithiú go bhfillfidh boilsciú ar an sprioc mheántéarmach de 2 % go tráthúil. Dá bhrí sin, le staid fhioscach atá beagán crapthach sa limistéar euro in 2025, rannchuideofaí le meascán beartais lena n-ísleofaí brúnna boilscitheacha, rud a d'fhéadfadh deis a thabhairt do na húdaráis airgeadaíochta rátaí úis a laghdú a thuilleadh amach anseo. Bheadh tionchar dearfach aige sin ar an inbhuanaitheacht fhioscach.


### *(iii) Staid fhioscach na mBallstát*

**Tá easnamh agus fiachas fós an-éagsúil sa limistéar euro, go háirithe maidir lena mhéid a chomhlíonann siad na luachanna tagartha atá bunaithe ar na Conarthaí.** Tá easnamh buiséadach os cionn 3 % de OTI beartaithe ag 4 Bhallstát sa limistéar euro in 2025 (an Fhrainc, an Iodáil, Málta, an tSlóvaic), agus réamh-mheastar go mbeidh an Bheilg agus an Ostair os cionn 3 % i réamhaisnéis an Choimisiúin freisin. Maidir leis an bhfiachas poiblí, meastar go mbeidh cóimheas fiachais os cionn 60 % de OTI ag 11 Bhallstát de chuid an limistéir euro in 2025. Ní hionann na forbairtí ó thír go tír, agus tá an cóimheas fiachais ag méadú i níos mó ná leath de Bhallstáit an limistéir euro, lena n-áirítear i 3 cinn de na 5 Bhallstát a bhfuil fiachas os cionn 100 % de OTI acu (an Bheilg, an Fhrainc agus an Iodáil).


**Meastar fós go mbeidh an staid fhioscach an-ilchineálach ar fud na mBallstát in 2025.** Ba léir an ilchineálacht gheografach sin freisin in 2024, nuair a mheastar go mbeidh staid fhorleathnaitheach ag leath de Bhallstáit an limistéir euro, d'ainneoin staid fhoriomlán crapthach sa limistéar euro. In 2025, meastar go mbeidh staid fhorleathnaitheach ag aon trian de Bhallstáit an limistéir euro, i gcomparáid le staid chrapthach i 6 Bhallstát, agus bheadh sé neodrach den chuid is mó sa chuid eile de na Ballstáit. Mar a bheifí ag súil leis, sna Ballstáit a bhfuil na riachtanais choigeartaithe is mó acu faoin gcreat nua, meastar go mbeidh staid chrapthach ann. Dá bhrí sin, beidh an staid fhioscach i raon ó chrapadh 1½ % go forleathnú 1¼ % de OTI (Graf 5). Maidir le comhdhéanamh, réamh-mheastar go gcrapfaidh caiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta i bhformhór na mBallstát. Is é is cúis leis an gcrapadh laghdú ar chaiteachas nach mbaineann le fuinneamh i bhformhór na dtíortha (agus deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta fuinnimh atá fágtha i roinnt Ballstát).

Graf 5: **Staid fhioscach agus comhpháirteanna de Bhallstáit an limistéir euro, 2025 agus 2024-25 (% den OTI)**

**a) 2025**




**b) 2024-2025 carnach**




(1) Áirítear leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta cómhaoiniú náisiúnta chistí an Aontais.

**Foinsí:** Réamhaisnéisí an fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach (RF2024)

**Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar infheistíocht phoiblí in 2025 i mbeagnach gach Ballstát, le ranníocaíochtaí éagsúla ó bhuiséid náisiúnta agus tionchar mór na ndeontas STA agus chistí an Aontais i roinnt Ballstát.** De réir na réamhaisnéise ón gCoimisiún, tiocfaidh méadú ar an infheistíocht fhoriomlán i ngach Ballstát den limistéar euro seachas 3

cinn. Meastar go dtiocfaidh rannchuidiú forleathnaitheach as infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta i leath de na Ballstáit in 2025. Sna tíortha ina bhfuil infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta crapthach, tá an t-ionsú deontas STA agus cistí eile de chuid an Aontais ag leathnú. Tá sé beartaithe go gcuirfear dlús breise le hionsú deontas STA in 2025, go 0,4 % de OTI, rud a as a dtiocfaidh rannchuidiú forleathnaitheach i mbeagnach gach Ballstát, agus tá dlús á chur freisin le hionsú cistí eile de chuid an Aontais. Cuirfidh sé sin ar a chumas don Aontas leanúint de thionscadail infheistíochta agus d'athchóirithe feabhsaithe táirgiúlachta a mhaoiniú agus, an tráth céanna, a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit feabhas a chur ar inbhuanaitheacht fhioscach náisiúnta.

**IARSCRÍBHINN V: Athmheasúnú ar na Ballstáit a áirítear i dtuarascáil Airteagal 126(3) de Phacáiste an Earraigh 2024, ar chinn an Coimisiún gan a mholadh nósanna imeachta um easnamh iomarcach a oscailt ina leith**

- **an tSeicia:** tugadh fógra faoi easnamh 3,7 % de OTI le haghaidh 2023 agus faoi easnamh beartaithe le haghaidh 2024 atá cothrom le 2,3 % de OTI san earrach. Mar thoradh air sin, áiríodh an tSeicia i dtuarascáil Airteagal 126(3) san earrach. Mar sin féin, measadh gur comhlíonadh an critéar easnaimh in 2023 mar gheall ar chineál maolaitheach na dtosca ábhartha. Léiríonn an fógra maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach san fhómhar easnamh 3,8 % de OTI in 2023 agus 2,8 % de OTI in 2024, rud a léiríonn meath beag i gcomparáid leis an earrach. Is cosúil go bhfuil na tosca ábhartha a breithníodh san earrach fós infheidhme. Thairis sin, de réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb éard a bheidh san easnamh 2,5 % de OTI in 2024, 2,3 % de OTI in 2025 agus 1,9 % de OTI in 2026. Ar an iomlán, ní bhraitear aon athrú substainteach ar staid na Seicia san fhómhar i gcomparáid leis an earrach agus meastar go bhfuil conclúid Thuarascáil 126(3) san earrach (is é sin, gan a mholadh go n-osclófaí nós imeachta um easnamh iomarcach) fós ábhartha don tSeicia an fómhar seo.
- **an Eastóin:** léirigh an fógra maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach san earrach easnamh 3,4 % de OTI le haghaidh 2023 agus easnamh 2,9 % de OTI atá beartaithe le haghaidh 2024. Mar thoradh air sin, cumhdaíodh an Eastóin le Tuarascáil 126(3) san earrach. Measadh go raibh an t-easnamh in 2023 gar don luach tagartha, agus measadh go raibh an farasbarr os cionn an luacha tagartha 3 % mar gheall ar imthosca eisceachtúla. Ar an iomlán, measadh gur comhlíonadh an critéar easnaimh mar gheall ar chineál maolaitheach na dtosca ábhartha. Léiríonn an fógra maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach san fhómhar feabhas substainteach i gcomparáid le hearrach na bliana 2023, agus easnamh anois ag 2,8 % de OTI, ach easnamh beagán níos airde beartaithe le haghaidh 2024, ag 3,0 % de OTI. Ina phreaseisiúint an 22 Deireadh Fómhair 2024, chuir Eurostat forchoimeádas in iúl maidir le cáilíocht na sonraí a thuairiscigh an Eastóin le haghaidh 2023. Tá an t-am iomchuí chun caiteachas míleata a thaifeadadh á phlé ag Eurostat le húdaráis staidrimh na hEastóine, agus tionchar thart ar 0,4 % den OTI aige sin ar an easnamh. Is cosúil go bhfuil na tosca ábhartha a breithníodh san earrach fós infheidhme. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún, meastar go bhfanfaidh an t-easnamh ag 3,0 % de OTI in 2024, 2025 agus 2026. Ar an iomlán, tá feabhas tagtha ar an staid bhuiséadach i gcomparáid leis an earrach, ós rud é nach dtugtar aon sárú ar chóimheas idir easnamh agus OTI faoi deara in 2023 agus 2024 bunaithe ar fhógra an fhómhair. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil conclúid Thuarascáil 126(3) san earrach (is é sin, gan a mholadh go n-osclófaí nós imeachta um easnamh iomarcach) fós ábhartha don Eastóin an fómhar seo.
- **an Spáinn:** tuairiscíodh san fhógra earraigh easnamh iarbhír 3,6 % de OTI le haghaidh 2023 agus easnamh beartaithe 3,0 % de OTI le haghaidh 2024. Ós rud é gur léiríodh i Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh 3,0 % de OTI in 2024 agus 2,8 % de OTI in 2025, thángthas ar an gconclúid i dTuarascáil 126(3) a glacadh san earrach nach mbeadh sé úsáideach nós imeachta um easnamh iomarcach a thionscnamh

ag an gcéim sin. Léiríonn an fógra maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach san fhómhar easnamh 3,5 % de OTI in 2023, agus easnamh beartaithe 3,0 % de OTI in 2024, rud nach léiríonn aon mheath i gcomparáid leis na figiúirí ar tugadh fógra fúthu san earrach. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún, táthar ag tuar gurb éard a bheidh san easnamh 3,0 % de OTI in 2024, 2,6 % de OTI in 2025 agus 2,7 % de OTI in 2026. Ar an iomlán, ní bhraitear aon athrú substainteach ar staid na Spáinne san fhómhar i gcomparáid leis an earrach agus meastar go bhfuil conclúid Thuarascáil 126(3) san earrach (is é sin, gan a mholadh go n-osclófaí nós imeachta um easnamh iomarcach) fós ábhartha don Spáinn an fómhar seo.

- **an tSlóivéin:** San earrach, thug an tSlóivéin fógra faoi easnamh iarbhír 2,5 % de OTI in 2023 agus faoi easnamh beartaithe 3,6 % de OTI le haghaidh 2024. Mar gheall ar an éiginnteacht a bhaineann leis na sonraí atá beartaithe, áfach, agus ós rud é gur léiríodh i Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh 2,8 % de OTI in 2024, cinneadh gan nós imeachta um easnamh iomarcach a oscailt don tSlóivéin san earrach. Léiríonn an fógra maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach san fhómhar easnamh 2,6 % de OTI in 2023 agus feabhas ar an easnamh atá beartaithe in 2024 go 2,9 % de OTI, rud a fhágann go bhfuil sé faoi bhun an luacha tagartha. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb éard a bheidh san easnamh 2,4 % de OTI in 2024 agus 2,1 % de OTI in 2025 agus 2026 araon. Ar an iomlán, tá feabhas tagtha ar an staid bhuiséadach i gcomparáid leis an earrach, ós rud é nach dtugtar aon sárú ar chóimheas idir easnamh agus OTI faoi deara in 2023 agus 2024 bunaithe ar fhógra an fhómhair. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil conclúid Thuarascáil 126(3) san earrach (is é sin, gan a mholadh go n-osclófaí nós imeachta um easnamh iomarcach) fós ábhartha don tSlóivéin an fómhar seo.

## IARSCRÍBHINN VI: Anailís ar inbhuanaitheacht fiachais agus anailís íogaireachta

Cuirtear anailís íogaireachta i láthair san Iarscríbhinn seo ar fhorbairtí fiachais phoiblí i gcás turraingí eacnamaíocha féideartha, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013. Baintear úsáid as réamh-mheastacháin fiachais stocastacha chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an dinimic fiachais phoiblí a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí d'fhás OTI ainmniúil, forbairtí sa mhargadh airgeadais agus turraingí fioscacha a dhéanann difear do staid bhuiséadach an rialtais([20]).

Leis na réamh-mheastacháin stocastacha, coinnítear cuntas ar éiginnteacht mhaicreacnamaíoch i ndáil le cás réamh-mheasta fiachais 'lárnach' amháin in 2025-2029: réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún. Sa chás sin, cuirtear an gnáth-thoimhde 'gan athrú beartais neamhfhioscaigh' i bhfeidhm tar éis na tréimhse réamhaisnéise ([21]). Mar sin, ní áirítear sa chás sin na gealltanais maidir le comhdhlúthú fioscach sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha arna dtíolacadh ag na Ballstáit.

Cuirtear turraingí i bhfeidhm maidir leis na coinníollacha maicreacnamaíocha a thoimhdítear sa chás lárnach chun dáileadh na gconairí fiachais féideartha a fháil (an 'cón' sna cairteacha a thaispeántar i nGraf 6). Comhfhreagraíonn an cón do raon leathan coinníollacha maicreacnamaíocha féideartha, agus suas le 10 000 turraing ar an bhfás, ar rátaí úis gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus ar an bpríomhchomhardú ionsamhlaithe ann. Le méid agus comhghaol na dturraingí sin léirítear luaineacht stairiúil agus caidrimh idir na hathróga sin([22]). Dá bhrí sin, soláthraíonn na cairteacha faisnéis dhóchúlaíoch maidir le dinimic fiachais an limistéir euro, agus turraingí féideartha ar an bhfás, ar rátaí úis agus ar an bpríomhchomhardú, ar turraingí iad atá de mhéid agus de chomhghaol a thagann leis na forbairtí roimhe seo, á gcur san áireamh.

Is mar líne dhearg a thuairiscíonn an chairt an chonair fiachais réamh-mheasta faoin gcás lárnach. Taispeántar toradh airmheánach na n-ionsamhlúchán mar líne dhubh bhriste. Cumhdaítear leis an gcón 80 % de na conairí fiachais féideartha uile, agus ní thaispeántar na conairí a dhíorthaítear ón 20 % de thurraingí is lú dóchúlacht. Is é atá sna limistéir a bhfuil scáth difriúil orthu laistigh den chón na codanna éagsúla de dháileadh foriomlán na gconairí fiachais féideartha.

Meastar an fiachas airmheánach le haghaidh 2029 ag 90 % de OTI, i.e. tá dóchúlacht chomhionann ann go mbeidh an fiachas níos airde nó níos ísle ná an leibhéal sin. Thairis sin, léiríonn an bhonnlíne méadú beag ar an gcóimheas fiachais sna 5 bliana amach romhainn agus tugtar le fios sna réamh-mheastacháin stocastacha le dóchúlacht 57 % go bhféadfadh fiachas a bheith níos airde i ndáiríre in 2029 ná mar a bhí sé in 2024.


---

[20] Tá an mhodheolaíocht maidir le réamh-mheastacháin fiachais phoiblí stocastacha a úsáidtear anseo curtha i láthair i Monatóir Inbhuanaitheachta Fiachais an Choimisiúin Eorpaigh 2019, in Iarscríbhinn A7, agus in Berti K. (2013), *Stochastic public debt projections using the historical variance-covariance matrix approach for EU countries* [Réamh-mheastacháin fiachais phoiblí stocastacha agus úsáid á baint as cur chuige na maitríse athraithis-comhaithrithis stairiúla do thíortha an Aontais], Páipéar Eacnamaíoch an Gheilleagair Eorpaigh Uimh. 480.

[21] I réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún, ionchorpraítear bearta beartais fhioscaigh a glacadh nó ar tugadh fógra inchreidte fúthu ar a laghad agus faisnéis a bhí ar fáil ón 31 Deireadh Fómhair 2024. Tar éis 2026 (an bhliain réamhaisnéise deiridh), ní dhéantar an príomhchomhardú struchtúrach a mhodhnú ach amháin leis na costais (glanchostais) réamh-mheasta a bhaineann le haosú.

[22] Glactar leis go leanfaidh turraingí gnáthdháileadh comhpháirteach.

Graf 6: **Cairteacha ó réamh-mheastacháin fiachais stocastacha i ndáil le cás bonnlíne an Choimisiúin; an limistéar Euro**




Tabhair faoi deara: is é an t-airmheán atá sa líne bhriste agus is í an bhunlíne atá sa líne dhearg

# IARSCRÍBHINN VII: Táblaí macratháscairí agus táscairí fioscacha

| | Fíorfhás OTI (%) | | | | Comhardú ceannlíne (% de OTI) | | | | Ollfhiachas rialtais (% de OTI) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | 2025 | | 2024 | | 2025 | | 2024 | | 2025 | |
| Tír | Dréachtphlean Buiséadach | COM | Dréachtphlean Buiséadach | COM | Dréachtphlean Buiséadach | COM | Dréachtphlean Buiséadach | COM | Dréachtphlean Buiséadach | COM | Dréachtphlean Buiséadach | COM |
| **BE** | n.a. | 1.1 | n.a. | 1.2 | n.a. | -4.6 | n.a. | -4.9 | n.a. | 103.4 | n.a. | 105.1 |
| **DE** | 0.3 | -0.1 | 1.0 | 0.7 | -2 ½ | -2.2 | -1 ¾ | -2.0 | 63 ¼ | 63.0 | 63 ¼ | 63.2 |
| **EE** | -1.0 | -1.0 | 2.1 | 1.1 | -2.7 | -3.0 | -3.0 | -3.0 | 23.7 | 23.2 | 25.0 | 24.2 |
| **IE** | -0.2 | -0.5 | 3.9 | 4.0 | 4.5 | 4.4 | 1.7 | 1.4 | 41.4 | 41.6 | 37.9 | 38.3 |
| **EL** | 2.2 | 2.1 | 2.3 | 2.3 | -1.0 | -0.6 | -0.6 | -0.1 | 153.7 | 153.1 | 149.1 | 146.8 |
| **ES** | n.a. | 3.0 | n.a. | 2.3 | n.a. | -3.0 | n.a. | -2.6 | n.a. | 102.3 | n.a. | 101.3 |
| **FR** | 1.1 | 1.1 | 1.1 | 0.8 | -6.1 | -6.2 | -5.0 | -5.3 | 112.9 | 112.7 | 114.7 | 115.3 |
| **HR** | 3.6 | 3.6 | 3.2 | 3.3 | -2.1 | -2.1 | -2.3 | -2.1 | 57.4 | 57.3 | 56.0 | 56.0 |
| **IT** | 0.7 | 0.7 | 1.2 | 1.0 | -3.8 | -3.8 | -3.3 | -3.4 | 135.8 | 136.6 | 136.9 | 138.2 |
| **CY** | 3.7 | 3.6 | 3.1 | 2.8 | 3.9 | 3.5 | 2.7 | 2.7 | 68.9 | 66.4 | 64.1 | 61.4 |
| **LV** | 1.4 | 0.0 | 2.9 | 1.0 | -2.6 | -2.8 | -2.9 | -3.2 | 45.8 | 48.1 | 47.0 | 50.3 |
| **LT** | 2.3 | 2.2 | 2.9 | 3.0 | -2.2 | -2.0 | -3.0 | -2.4 | 39.4 | 38.3 | 43.2 | 41.0 |
| **LU** | 1.5 | 1.2 | 2.7 | 2.3 | -0.6 | -0.6 | -0.6 | -0.8 | 27.5 | 27.5 | 27.5 | 27.6 |
| **MT** | 4.9 | 5.0 | 4.3 | 4.3 | -4.0 | -4.0 | -3.5 | -3.5 | 49.5 | 49.8 | 50.1 | 50.4 |
| **NL** | 0.6 | 0.8 | 1.5 | 1.6 | -1.8 | -0.2 | -2.5 | -1.9 | 45.0 | 43.3 | 46.7 | 44.3 |
| **AT** | n.a. | -0.6 | n.a. | 1.0 | n.a. | -3.6 | n.a. | -3.7 | n.a. | 79.5 | n.a. | 80.8 |
| **PT** | 1.8 | 1.7 | 2.1 | 1.9 | 0.4 | 0.6 | 0.3 | 0.4 | 95.9 | 95.7 | 93.3 | 92.9 |
| **SI** | 1.5 | 1.4 | 2.4 | 2.5 | -2.9 | -2.4 | -2.6 | -2.1 | 67.5 | 67.1 | 65.4 | 64.4 |
| **SK** | 2.3 | 2.2 | 2.2 | 2.3 | -5.8 | -5.8 | -4.7 | -4.7 | 58.9 | 58.9 | 59.6 | 59.8 |
| **FI** | -0.2 | -0.3 | 1.7 | 1.5 | -3.7 | -3.7 | -2.9 | -3.0 | 81.7 | 82.6 | 83.2 | 84.7 |
| **EA20** | 0.9 | 0.8 | 1.5 | 1.3 | -3.2 | -3.0 | -2.8 | -2.9 | 89.2 | 89.1 | 89.5 | 89.6 |

Tabhair faoi deara: Níl Dréachtphleananna Buiséadacha curtha isteach ag an Ostair, ag an mBeilg ná ag an Spáinn.
Foinse: Réamhaisnéisí an fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach (RF2024)